# Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

# 2024

## Dréachtphlean Seirbhíse

Arna ghlacadh ag ETB Dhún na nGall
ar an 26 Feabhra 2024

etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

#IsMuidETBDhúnnanGall

## Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Focal ó Chathaoirleach ETB Dhún na nGall | 3 |
| 2. | Réamhrá ón Phríomhfheidhmeannach | 3 |
| 3. | Próifíl / Cúlra ETB Dhún na nGall | 4-5 |
| 4. | Léarscáil Gheografach d'ETB Dhún na nGall | 6 |
| 5. | Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall 2022-2026 | 7-9 |
| 6. | Sreabhadh Oibre maidir le Timthriall Pleanála | 10 |
| 7. | Ráiteas maidir le Seirbhísí 2024 | 11-35 |
| 8. | Forbhreathnú ar Sheirbhísí 2024 | 36 |
| 9. | Fáltais agus Íocaíochtaí Réamh-mheasta 2024 | 38 |

## 1. Focal ó Chathaoirleach ETB Dhún na nGall - An Clr Donal Coyle

Tá lúcháir an domhain orm agus mothaím go bhfuil éacht mór déanta againn uilig agus mé, mar Chathaoirleach, ag cur an treochláir chuimsithigh seo in bhur láthair, treochlár a léiríonn ár dtiomantas do shármhaitheas i réimse an oideachais agus oiliúna i nDún na nGall.

Tá ról lárnach ag ETB Dhún na nGall i dtírdhreach oideachais ár bpobal a mhúnlú, agus is léiriú é an Plean Seirbhíse seo ar ár dtiomantas i leith eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a chur ar fáil a chumasaíonn daoine aonair agus a chuireann le forbairt níos leithne sa tsochaí. Ní amháin gur próiseas atá san oideachas ach is turas claochlaitheach é, agus léiríonn an plean seo ár bhfís chomhchoiteann chun timpeallacht a chothú inar féidir le gach foghlaimeoir bláthú agus a mbarrchumas a bhaint amach. Creidimid go láidir gur fórsa dinimiciúil é an t-oideachas atá in ann athrú dearfach a chur chun cinn, agus tríd an phlean seo, tá sé mar aidhm againn leas a bhaint as an chumhacht sin ar mhaithe le gach duine.

Mar Chathaoirleach, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na hoideachasóirí tiomanta, don fhoireann tacaíochta, do thuismitheoirí, do mhic léinn, agus don phobal i gcoitinne as a dtacaíocht sheasmhach. Le chéile, is líonra comhoibríoch muid a sheasann gualainn ar ghualainn ar thóir barr feabhais oideachasúil. Is léiriú é an plean seo ar ár n-uaillmhianta comhroinnte, agus tá a chur i bhfeidhm rathúil ag brath ar ár gcomhiarrachtaí.
Go raibh maith agat as bhur dtiomantas leanúnach do mhisean ETB Dhún na nGall.

An Clr. Donal Coyle
Cathaoirleach ETB Dhún na nGall

## 2. Réamhrá ón Phríomhfheidhmeannach

Agus muid ag cur tús le 2024 tá lúcháir orm an Plean Seirbhíse seo a chur in bhur láthair, treochlár a léiríonn ár dturas in oideachas agus in oiliúint. Forbraíodh an plean seo de réir fhorálacha Alt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Ó thóraíocht an léinn tagann fás agus gnóthachtáil aonair, agus tá muid, in ETB Dhún na nGall, bródúil as ár ról mar phríomhéascaitheoir deiseanna foghlama.

Is fianaise í an Plean Seirbhíse seo dár dtiomantas do thimpeallacht dhinimiciúil oideachais a chothú. Bunaithe ar ár gcroíluachanna maidir le Sármhaitheas, Comhionannas, Cúram, Pobal agus Meas, leagtar amach sa phlean seo amach ár bhfís straitéiseach don bhliain atá le teacht. Is treoirphlean é atá deartha, ní amháin chun freastal ar riachtanais reatha ár bpobail, ach fosta chun a bheith in oirchill agus dul in oiriúint don tírdhreach oideachais agus oiliúna atá ag athrú.

Léirítear ár dtiomantas maidir le hoideachas ardchaighdeáin a sholáthar sa raon éagsúil clár agus seirbhísí atá leagtha amach sa phlean seo. Tá ETB Dhún na nGall tiomanta do bharrchumas gach duine atá faoinár gcúram a bhaint amach.

Go ríthábhachtach, braitheann rath an Phlean Seirbhíse seo ar chomhiarrachtaí ár bhfoirne cumasacha, tiomanta, ar rannpháirtíocht ghníomhach ár gcuid mac léinn, agus ar chomhoibriú leanúnach lenár gcomhpháirtithe pobail.

Tá muid ag dúil le bheith ag obair le chéile agus tugaimid ár mbuíochas dár bpáirtithe leasmhara go léir, ár bhfoghlaimeoirí, ár mbaill foirne agus ár mbaill bhoird tiomnaithe san áireamh as bhur dtacaíocht leanúnach taobh istigh d’ETB Dhún na nGall.

Anne McHugh
Príomhfheidhmeannach

## 3. Próifíl / Cúlra ETB Dhún na nGall

Ar an 1 Iúil 2013, rinneadh eintiteas úr de Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall (CGO) ar a dtugtar Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall – ETB Dhún na nGall. Aistríodh an soláthar oiliúna a bhíodh ag FÁS agus a chuid feidhmeanna uilig chuig ETB Dhún na nGall níos moille an bhliain dár gcionn.

B'ionann sin agus an t-athrú ba mhó ar bhonneagar oideachais na hÉireann le fada an lá. Tá feidhmeanna breise ag ETB Dhún na nGall anois de thairbhe an chomhtháthaithe, go háirithe na feidhmeanna oiliúna a bhíodh ag FÁS a bronnadh air. Tá sainchúram ETB Dhún na nGall i bhfad níos leithne anois. Is é ETB Dhún na nGall an comhlacht reachtúil sa chontae a bhfuil freagrachtaí air as oideachas agus oiliúint a sholáthar i scoileanna dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúint, oideachas agus oiliúint allamuigh, teagasc seanma ceoil agus seirbhísí óige.

De réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 bunóidh agus cothóidh ETB Dhún na nGall scoileanna agus ionaid oideachais agus déanfaidh sé pleanáil, soláthar, comhordú agus athbhreithniú maidir le soláthar oideachais agus oiliúna laistigh dá gceantair sheirbhíse. Ina theannta sin éileofar air (faoi stiúir ón Aire Oideachais) seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do sholáthraithe eile oideachais agus oiliúna. I measc na dtacaíochtaí a d'fhéadfadh sé a chur ar fáil tá: tionscadail chaipitil agus talamh, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, TFC agus rialachas corparáideach.

Maidir le soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí, éilítear leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, ar ETB Dhún na nGall Ráiteas Straitéise cúig bliana (tosaíochtaí, cuspóirí agus straitéisí) a ullmhú, a ghlacadh agus a fhoilsiú. Tá ceangal reachtúil ar ETB Dhún na nGall Plean Seirbhíse bliantúil (seirbhísí atá beartaithe, le hioncam agus caiteachas measta) agus Tuarascáil Bhliantúil (le tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a chuid feidhmeanna) a ghlacadh agus a fhoilsiú.

Ina theannta sin tá ETB Dhún na nGall freagrach go príomha do SOLAS as réimse Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) a sholáthar. Éilítear ar ETB Dhún na nGall Comhaontú Seirbhíse bliantúil (CS) a shíniú le SOLAS, ina leagtar amach na spriocanna oiliúna agus gealltanais.

Tá ceanncheathrú riaracháin ETB Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, agus is fostóir suntasach é sa chontae le 1,509 ball foirne san iomlán.

Tá an Príomhfheidhmeannach (PF) freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin an ETB agus tá freagracht fhoriomlán uirthi as feidhmíocht na scoileanna, na gcoláistí agus na n-ionad de chuid an ETB. Tá freagrachtaí sannta do thriúr stiúrthóirí faoi na trí réimse seo a leanas:

(a) Scoileanna
(b) Breisoideachas agus Oiliúint (FET)
(c) Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta (TFE)

**(a) Scoileanna**

Tá 15 scoil ar fud an chontae faoi Phátrúnacht ETB Dhún na nGall faoin stiúrthóireacht seo. Oibríonn Stiúrthóir na Scoileanna i gcomhar leis na Príomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí chun na 15 scoil a bhainistiú. Pléann Stiúrthóir na Scoileanna leis na príomhoidí scoile agus le foireann ardbhainistíochta an ETB go rialta maidir le riachtanais bhonneagair na scoileanna a aithint, lena n-áirítear pleanáil chun cinn de réir riachtanais dhéimeagrafacha agus churaclaim. Tá béim mhór ar thacaíocht a thabhairt do cheannairí oideachais chun sármhaitheas i dteagasc agus i bhfoghlaim sna scoileanna a chur chun cinn. Lena chois sin tugtar tosaíocht do rialachas éifeachtach na scoileanna a chinntiú trí Bhoird Bhainistíochta láidre.

Faoin stiúrthóireacht seo tá roinnt tionscadal suntasach ar thionscadail neamhscoile iad ach tá fócas láidir oideachais acu go léir:

- Seirbhís Oibre don Ógra
- Seirbhís REALT
- Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil
- Síceolaí Oideachais
- Oideachas maidir le Drugaí agus Alcól.

**(b) Breisoideachas agus Oiliúint**


Tá réimse leathan cúrsaí (páirtaimseartha agus lánaimseartha) ar fáil ag an tseirbhís Breisoideachais agus Oiliúna a thacaíonn le mic léinn dul chun cinn a dhéanamh taobh istigh de chláir agus dul ar aghaidh chuig deiseanna breisoideachais agus ardoideachais, oiliúna agus fostaíochta. Cuirtear soláthar ar fáil trí líonra 19 n-ionad ETB agus i gcuid mhór áiteanna for-rochtana. Oibríonn an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna leis na Stiúrthóirí ETB eile agus leis an PF chun treoir straitéiseach d’FET a aithint de réir treoracha náisiúnta; agus le Foireann Ardbhainistíochta an FET atá freagrach as cláir agus seirbhísí aonair agus as réimsí straitéise agus forbartha tras-seirbhíse, lena n-áirítear Rannpháirtíocht Fiontraíochta, Tacaíocht do Mhic Léinn, Bainistíocht Sonraí, Dearbhú Cáilíochta, Clárphleanáil agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT).

**(c) Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta**

Tá na hOifigí Riaracháin lárnach d’oibríochtaí ETB Dhún na nGall agus feidhmíonn siad mar mhol chun a gcláir agus a seirbhísí a sholáthar i scoileanna agus ionaid de chuid an ETB. Seachadtar na feidhmeanna Riaracháin trí struchtúr ceithre shnáithe, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Airgeadas (lena n-áirítear Soláthar), Seirbhísí Corparáideacha (lena n-áirítear Bainistíocht Eastát, Saoráil Faisnéise/Cosaint Sonraí, Sláinte & Sábháilteacht agus Cumarsáid) agus TFC faoin Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (STFE). Tá an STFE freagrach fosta as rialachas agus comhlíonadh, lena n-áirítear tacaíocht feidhmiúcháin a sholáthar do Choistí an Bhoird, an Coiste um Iniúchóireacht & Riosca agus an Coiste Airgeadais.

Tá 21 Ball ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, toghtar 12 díobh i ndiaidh thoghcháin an údaráis áitiúil, ceaptar beirt (2) bhall foirne, beirt (2) tuismitheoirí agus an cúigear (5) ball eile ó ainmniúcháin ó chomhlachtaí agus eagraíochtaí atá sonraithe ag an Aire Oideachais. Tagann an Bord le chéile go rialta chun a chuid feidhmeanna forchoimeádta faoin Acht ETB 2013 a chomhlíonadh.

# 4. Léarscáil Gheografach d'ETB Dhún na nGall




| **Léarscáil Scoile** – Ar deiseal ó Bhun an Phobail | | |
|---|---|---|
| 1 | Coláiste Pobail Bhun an Phobail | Bun an Phobail |
| 2 | Coláiste Crannncha | Bun Crannncha |
| 3 | Coláiste Chineál Eoghain | Bun Crannncha |
| 4 | Coláiste Ailigh | Leitir Ceanainn |
| 5 | Coláiste an Eargail | Leitir Ceanainn |
| 6 | Coláiste na Daoile | Ráth Bhoth |
| 7 | Coláiste Ghleann na Finne | Srath an Urláir |
| 8 | Gairmscoil Chú Uladh | Béal an Átha Móir |
| 9 | Gairmscoil na Mainistreach | Baile Dhún na nGall |
| 10 | Coláiste Mhagh Éne | Bun Dobhráin |
| 11 | Gairmscoil Chaitríona | Na Cealla Beaga |
| 12 | Coláiste na Carraige | An Charraig |
| 13 | Gairmscoil Mhic Diarmada | Oileán Árainn Mhóir |
| 14 | Coláiste Pobail Cholmcille | Oileán Thoraí |
| 15 | Coláiste na Maoile Rua | Baile na nGallóglach |

| **Oifigí Riaracháin** | | |
|---|---|---|
| 1 | Ard Uí Dhónaill | Leitir Ceanainn |

| **Oideachais Ceoil** | | |
|---|---|---|
| 1 | Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall | Leitir Ceanainn |

| **Ionaid FET** – Ar deiseal ó Ghlean Gad | | |
|---|---|---|
| 1 | Ionad Cumasóige | Gleann Gad |
| 2 | Ionad FET Bun Crannncha | Bun Crannncha |
| 3 | Ionad Cumasóige Bun Crannncha | Bun Crannncha |
| 4 | Ionad FET Leitir Ceanainn (Bóthar an Phoirt) | Leitir Ceanainn |
| 5 | Ionad FET Leitir Ceanainn (Bóthar na Páirce Gnó) | Leitir Ceanainn |
| 6 | Coláiste an Eargail (PLC) | Leitir Ceanainn |
| 7 | Ionad Oiliúna Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn |
| 8 | Ionad Cumasóige | Leitir Ceanainn |
| 9 | Ionad Cumasóige | Leifear |
| 10 | Ionad FET Srath an Urláir | Srath an Urláir |
| 11 | Coláiste Ghleann na Finne (PLC) | Srath an Urláir |
| 12 | Ionad FET Baile Dhún na nGall (Droim Chliabh) | Baile Dhún na nGall |
| 13 | Ionad FET Baile Dhún na nGall (Artscoil na gCeithre Máistrí) | Baile Dhún na nGall |
| 14 | Ionad FET Baile Átha Seanaidh | Baile Átha Seanaidh |
| 15 | Gairmscoil Chaitríona (PLC) | Na Cealla Beaga |
| 16 | Ionad Oiliúna Gaoth Dobhair | Gaoth Dobhair |
| 17 | Ionad FET Gort an Choirce | Gort an Choirce |
| 18 | Ionad FET Baile na nGallóglach | Baile na nGallóglach |
| 19 | Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin | Mín an Lábáin |

## 5. Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall 2022- 2026

### An Fhoghlaim a Athrú, an Saol a Athrú

**Misean - ETB Dhún na nGall**

Cuireann ETB Dhún na nGall deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil a chuidíonn le mic léinn a mbarrchumas a bhaint amach agus a chuireann le saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta a bpobal.

**Fís - ETB Dhún na nGall**

Faoi 2026, beidh feabhas curtha againn ar dheiseanna saoil na ndaoine i nDún na nGall, trí chuidiú leo a bheith rathúil i dtaca le hoideachas agus oiliúint.

**ETB Dhún na nGall: Croíluachanna**

Is eagraíocht foghlama muid. Cuirimid mic léinn ag croílár ár gcuid oibre. Tá gach rud a dhéanaimid chun freastal ar leas ár gcuid mac léinn bunaithe ar ár gcroíluachanna: sármhaitheas; comhionannas; cúram; pobal, agus meas.

**Sármhaitheas**

Déanaimid ár ndícheall sármhaitheas a bhaint amach i ngach gné dár gcuid oibre. Tá muid tiomanta do na caighdeáin cháilíochta is airde a bhaint amach maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú inár gcláir go léir. Is mór againn nuálaíocht agus déanaimid iarracht feabhsú leanúnach a bhaint amach, agus mar sin tacaímid lenár bhfoireann dul i mbun deiseanna forbartha gairmiúla.

**Comhionannas**

Déanaimid ár ndícheall a chinntiú go dtugtar an deis chéanna do gach mac léinn páirt a ghlacadh inár gcláir oideachais agus oiliúna, cláir atá bunaithe ar mheas, ar chearta an duine agus ar éagsúlacht. Tá ár bpobail foghlama agus oibre uilechuimsitheach i dtaca le cine, inscne, reiligiún nó creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, comhaltas den Lucht Siúil, le gnéaschlaonadh, cumas, agus stádas socheacnamaíoch. Mar fhostóir, is mór againn an éagsúlacht, agus tá sé mar aidhm againn go mbeidh ár bhfoirne go hiomlán uilechuimsitheach.

***Cúram***

Tugaimid aire d'fholláine ár gcuid mac léinn agus ár bhfoireann trí thimpeallachtaí sábháilte agus fáilteacha a chruthú don fhoghlaim agus don obair. Tá cultúr againn a aithníonn agus a cheiliúrann éachtaí na mac léinn agus na foirne. Ag an am céanna, tacaímid le daoine a bhfuil dúshláin rompu ina saol.

***Pobal***

Cuimsíonn pobal ETB Dhún na nGall ár bhfoireann, ár mic léinn, agus ár gcomhpháirtithe, a oibríonn le chéile chun ár gcuspóirí comhchoiteanna a bhaint amach. Tá dlúthnasc againn le pobail ar fud Dhún na nGall. Is mór againn na comhpháirtíochtaí atá forbartha againn le grúpaí pobail agus le heagraíochtaí chun buntáistí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta a thabhairt chuig an chontae.

**Meas**

Caithimid le gach duine le meas. Tá ár gcaidrimh le mic léinn, le baill foirne agus le pobail bunaithe ar oscailteacht agus ar mhuinín. Tá meas againn ar na dlíthe agus na rialacha a rialaíonn gach gné dár gcuid oibre: oibrímid taobh istigh de chultúr cuntasachta, cothroime, macántachta agus uilechuimsitheachta.

**Forbairtí Reatha a bhfuil tionchar acu ar Phlean Seirbhíse 2024**

**MÍOCA**

Fadhb is cás le muintir Dhún na nGall is ea Míoca a bheith in go leor tithe ar fud an chontae, rud a chruthóidh dúshláin dár bpobail sna blianta amach romhainn. Déanfaidh ETB Dhún na nGall a dhícheall freagairt, le comhbhá agus le tuiscint, do riachtanais ár mac léinn agus ár mball foirne lena mbaineann.

**Inbhuanaitheacht / Gníomhú ar son na hAeráide**

Is é Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 an Rialtais an dara nuashonrú ar an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide bunaidh agus ceanglaítear ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí glacadh le Sainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí. Tugann an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 bunús dlí do ghníomhú ar son na haeráide san earnáil phoiblí. Tugann sé ar gach comhlacht poiblí a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le huaillmhian aeráide na hÉireann. Tá an earnáil phoiblí le bheith ceannródaíoch trí shampla a thabhairt, trí bheart riachtanach ar son na haeráide a dhéanamh le hastaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann a laghdú faoi 51% agus chun an feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú go 50% faoi 2030. Tá Sainordú Gníomhaithe Aeráide san Earnáil Phoiblí ann a bhaineann le comhlachtaí ábhartha (ceann de na heisceachtaí is ea earnáil na Scoileanna, áit a mbeidh sainordú sainearnála i bhfeidhm). Tacóidh Straitéis úr Dícharbónaithe na hEarnála Poiblí atá forbartha ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide leis an ról ceannaireachta seo.

Tá an Earnáil ETB uathúil sa mhéid is go bhfuil trí réimse inaitheanta aici:

· Foirgnimh Bhunscoile agus Iar-Bhunscoile
· Foirgnimh Bhreisoideachais
· Foirgnimh Oifige agus oibríochtaí ETB.

Tá Grúpa Oibre Bainistíochta Fuinnimh inmheánach agus Grúpa Stiúrtha Aeráide, Fuinnimh agus Inbhuanaitheachta bunaithe ag ETB Dhún na nGall chun ceannaireacht a dhéanamh ar an réimse seo, cuirfidh siad go dearfach leis an chlár oibre inbhuanaitheachta trínár ngníomhartha féin, agus trí oideachas agus oiliúint ar chúrsaí comhshaoil, a chur ar an chéad ghlúin eile.

**Dualgas Earnála Poiblí**

Ceanglaítear leis an Dualgas ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ghá atá le leithcheal a dhíchur, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint d'úsáideoirí seirbhíse, do thairbhithe beartais, agus d'fhostaithe, thar gach réimse feidhme.

D'fhorbair ETB Dhún na nGall plean forfheidhmithe in 2023 chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais seo de réir na gceanglas ábhartha reachtaíochta, agus in 2024 cuirfear tús le cur i bhfeidhm na céime 'Tabhair Faoi' den Dualgas a mbeidh forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú ar phleananna, ar bheartais inmheánacha, ar straitéisí agus ar chláir mar chuid di.

**An dóigh ar forbraíodh an Plean Seirbhíse seo**

Forbraíodh an Plean Seirbhíse seo chun tacú le cur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall 2022 – 2026. Cé go leagtar amach ár dtosaíochtaí agus ár gcuspóirí thar thréimhse 5 bliana sa Ráiteas Straitéise, tá sé tábhachtach go mbeadh próiseas i bhfeidhm chun tacú lena seachadadh.

Agus an Plean Seirbhíse á fhorbairt, rinneadh próiseas comhairliúcháin le Bainisteoirí Sinsearacha agus Príomhoidí thar gach réimse soláthair lena chinntiú go bhfuil na bearta atá leagtha amach le seachadadh le linn thimthriall an Phlean Seirbhíse oiriúnach do na tosaíochtaí agus na haidhmeanna foriomlána atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise Corparáideach.

Cinntíonn an próiseas comhairliúcháin fosta gur féidir torthaí atá leagtha amach do 2024 a bhaint amach agus go bhfuil siad faoi úinéireacht na nArdbhainisteoirí agus na bPríomhoidí ina réimsí soláthair seirbhíse faoi seach.

Chun tacú le seachadadh na dtorthaí a aithníodh, tá na grúpaí seo a leanas i bhfeidhm chun cuidiú agus/nó acmhainní a sholáthar nuair is gá chun a chinntiú go mbainfear torthaí amach:

- PF/Fóram na Stiúrthóirí
- Fóram TFE
- Grúpa na bPríomhoidí
- Foireann Ardbhainistíochta FET
- Foireann Riaracháin na hArdoifige
- Grúpa Maoinithe agus Pleanála FET
- Grúpa Foirgneamh FET
- Grúpa Comhordaitheoirí FET
- Grúpa na Leas-phríomhoidí

Tagann na Grúpaí sin le chéile go rialta agus soláthraíonn siad tacaíocht trasearnála/tras-suímh trína chinntiú go bhfuil próiseas cumarsáide iltoiseach i bhfeidhm chun tacú le seachadadh agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Áirítear leis an tacaíocht sin fosta, más cuí, Grúpaí Oibre tras-seirbhíse a bhunú i gcás a bhfuil cur chuige comhtháite de dhíth ar ghníomhaíochtaí áirithe sainaitheanta.


- Grúpa Comhairleach Cumarsáide
- An Mheitheal um Shláinte & Sábháilteacht
- Coiste na Gaeilge
- Grúpa Oibre Straitéis FCT
- Grúpa Straitéise Eastáit FET
- Grúpa Straitéise um Fholláine san Áit Oibre
- Grúpa Stiúrtha um Fhuinneamh Aeráide agus Inbhuanaitheachta
- An Mheitheal um Bainistiú Fuinnimh/Inbhuanaitheacht
- Grúpa Oibre um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Uilechuimsiú
- Grúpa Comhordaithe Oibre Óige

## 6. Sreabhadh Oibre maidir le Timthriall Pleanála

Ráiteas Straitéise 5 bliana

I dtreo

Timthriall Pleanála Bliantúil




Tá sé tábhachtach go n-úsáidfear an próiseas thuas chun trédhearcacht, soiléireacht chuspóra a chinntiú agus chun fócas a choinneáil ar oibriú go gníomhach chun an méid atá leagtha amach againn a sheachadadh thar shaolré an Ráitis Straitéise.



#IsMuidETBDhúnnanGall

## 7. Ráiteas Seirbhísí 2024

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe um Sheachadadh Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus ETB Dhún na nGall, aithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí sonracha chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le seachadadh:

## CUSPÓIR: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

| TOSAÍOCHT: Eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Clár Saoránachta Digití FET a rolladh amach a thuilleadh | Níos mó daoine ag glacadh páirt i gclár Saoránachta Digití FET | Mol Digiteach ag gach Lárionad. |
| A chinntiú go bhfuil ár 5 chroíluach leabaithe ar fud ár scoileanna agus Ionaid FET<br><br>Uasoiliúint a chur ar ár bhfoirne meánbhainistíochta inár scoileanna<br><br>Cur chuige um Fhoghlaim Chumaisc a fhorbairt agus a sheachadadh a thuilleadh in ionaid FET agus i Scoileanna araon.<br><br>Rannpháirtíocht in TL21 faoi Ionad tacaíochta Oideachais Dhún na nGall | Feasacht níos fearr ar ár bpríomhluachanna i measc mac léinn, baill foirne, bhaill den Bhord Bainistíochta (BB) agus tuismitheoirí<br><br>Oiliúint dár bhfoirne meánbhainistíochta inár scoileanna<br><br>Polasaí maidir le Foghlaim Chumaisc a fhorbairt do FET Google Classroom a úsáid níos mó i Scoileanna<br><br>3 Scoil páirteach in TL21 | Tá Foireann Éitis ghníomhach ag gach scoil atá ag obair ar chur chun cinn na 5 chroíluach<br><br>Gach scoil rannpháirteach go gníomhach in Google Classroom<br><br>An fhoghlaim ó TL21 scaipthe sa timpeallacht scoile trí chéile |

| | | |
|---|---|---|
| Deiseanna chun roinnt dea-chleachtais idir Scoileanna agus Ionaid a aithint, lena n-áirítear rannpháirtíocht leanúnach sa Ghrúpa Pleanála Curaclaim agus Cruthaithe Ábhair agus sa Chlár Ceannaireachta Teagaisc a chuirtear chun cinn agus a dtacaítear leis taobh istigh d'ETBI | Aiseolas dearfach ó Chigireachtaí Ábhair<br><br>Fianaise mhéadaithe ar theagasc agus ar fhoghlaim éascaithe<br><br>Tuarascálacha Bainistíochta, Ceannaireacht agus Foghlama na Meastóireachta ar an Scoil Uile<br><br>Rannpháirtíocht in Oiliúint IL | Níos mó ball foirne bainteach le pobail chleachtais maidir le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú. |
| Breis uasoiliúna chun TFC a chomhtháthú i gcur chuige cur chun cinn Teagaisc agus Foghlama | Líon na scoileanna atá rannpháirteach i Mapáil Soláthar RSO mar chuid den tionscnamh ETBI/Choláiste Mhuire gan Smál. | 7 scoil páirteach i Mapáil Soláthar RSO ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí imeallaithe |



#IsMuidETBDhúnnanGall

# CUSPÓIR: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

| | | |
|---|---|---|
| Idirchaidreamh le Bainistíocht Eastát, RO agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE)/SOLAS maidir le rolluithe a bhfuiltear ag súil leo<br><br>Obair leanúnach ag an Fhoireann Bainistíochta Eastát i gcomhar le Bainistíocht na Scoile<br><br>Leanúint ag nascadh leis an Rannóg um Chóiríocht Scoile sa RO | Go leor áiteanna ar fáil do gach mac léinn | An stoc tógála a mhéadú de réir mar is gá |
| Múinteoirí a uasoiliúint i Modúil Chódaithe<br><br>Eolaíocht Ríomhaireachta don Ardteistiméireacht a neadú i 4 scoil | Líon na múinteoirí atá rannpháirteach i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) | Níos mó daoine a spreagadh le bheith rannpháirteach i gcomórtais agus i dtaispeántais |
| Soláthar leanúnach de raon leathan de chláir fhreagrúla oideachais agus oiliúna agus tacaíochtaí ábhartha i ngach scoil, coláiste agus ionad. | Réimse leathan clár agus seirbhísí ar fáil agus á sheachadadh ar fud an chontae | Soláthar freagrúil méadaithe chun uilechuimsiú gach foghlaimeora a chinntiú |
| Obair fhorbartha chun éiteas scoile ETB a chur chun cinn agus a leabú trí na ráitis chleachtais | Comhordaitheoir Éitis ag obair le scoileanna chun na ráitis chleachtais a chur chun cinn. Scoileanna páirteach i nGearrchúrsa na bPátrún d'oiliúint múinteoirí. | Feasacht mhéadaithe i measc mic léinn, foirne, scoileanna agus tuismitheoirí, Boird Bhainistíochta agus Bhaill Bhord ETB ar éiteas scoileanna agus seirbhísí ETB.<br><br>6 scoil chun páirt a ghlacadh sa scéim phíolótach. |
| Forbairt bhreise sna 4 scoil atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta | Dul chun cinn maidir leis an phlean scoile don Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta | Dúshraith níos daingne a leagan, a chabhróidh le scoileanna leanúint orthu ag cur le húsáid na Gaeilge sna 4 scoil trí spriocanna a bhaint amach don bhliain 2024. |

## CUSPÓIR: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

| | | |
|---|---|---|
| Mapáil Soláthair RSO i gCleachtas do Scoileanna a chur chun cinn, Soláthar RSO a phleanáil go straitéiseach, córais a fhorbairt chun cur chuige a chur chun cinn trí Fhéinmheastóireacht Scoile (FS), acmhainní a leithdháileadh agus FGL na foirne a shainaithint<br><br>An acmhainn a bhaineann lenár gComhordaitheoirí REALT a chur chun cinn chun tacú le mic léinn agus lena dteaghlaigh rochtain a fháil ar sholáthar scoile agus freastal air | Na hacmhainní ábhartha go léir atá de dhíth ar scoileanna chun tacú le cur i bhfeidhm mapáil soláthar i scoileanna a chur ar fáil.<br><br>Mic léinn ón Úcráin agus ó na Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta (SCCI) ag imeascadh go maith ina bpobail scoile féin | Soláthar neartaithe RSO inár scoileanna as a dtagann eispéireas foghlama feabhsaithe do dhaltaí<br><br>Feabhas a chur ar rochtain agus ar choinneáil |
| Monatóireacht a dhéanamh ar Bhabhta 2 de sheirbhís chomhroinnte íocaíochtaí Printíseach agus Foghlaimeoirí | Íocaíochtaí foghlaimeora próiseáilte go cruinn agus in am | Na spriocdhátaí íocaíochta go léir bainte amach |

| TOSAÍOCHT: Curaclam leathan a chur ar fáil | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Ullmhú don chomhairliúchán ar athchóiriú na sraithe sinsearaí agus cur leis<br><br>Leanúint ag cur dea-chleachtais chun cinn sa tSraith Shóisearach ar fud na scoileanna agus na hábhair go léir san áireamh anois. | Feasacht i measc na foirne ar dhul chun cinn maidir le hAthchóiriú na Sraithe Sinsearaí<br><br>Líon na n-athbhreithnithe curaclaim a rinneadh | Méadú ar an líon foirne a bhíonn ag plé le hathbhreithnithe curaclaim na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) |
| Athbhreithniú ar na hábhair reatha Ardteistiméireachta a chuirtear ar fáil sa churaclam i ngach scoil | Réasúnaíocht shoiléir tugtha do Stiúrthóir na Scoileanna (SS) ag gach cuairt scoile ar Sholáthar na hArdteistiméireachta | Dul i ngleic le riachtanais oideachais & oiliúna nua agus reatha an phobail |
| Tuilleadh forbartha ar Chláir FET nua i réimsí ábhartha curaclaim e.g. scileanna 'glasa', teicneolaíocht chumarsáide, cianobair, foghlaim obairbhunaithe<br><br>Fiosrú a dhéanamh ar an fhéidearthacht a bhaineann le maoiniú Erasmus chun tacú le huasoiliúint amach anseo | Roinnt clár úr tugtha isteach (FET) | 3 chlár úra ar a laghad le tabhairt isteach in FET in 2024 |

# CUSPÓIR: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

| | | |
|---|---|---|
| Pleanáil Soláthair Chomhtháite Tras-FET<br><br>Céim Threasach nua a fhorbairt le comhpháirtithe ETB agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA)<br><br>Cuíchóiriú a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear soláthar i láthair don phobal | Pleanáil soláthair chomhtháite (FET) chun dúbláil a íoslaghdú agus bealaí dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú<br><br>Áiseanna agus acmhainní réidh do Mheán Fómhair 2023<br><br>Coinbhinsiúin ainmniúcháin críochnaithe, dúbláil íoslaghdaithe agus suíomh gréasáin úr seolta | Grúpa Oibre um Pleanáil Soláthair Chomhtháite Tras-FET bunaithe / ag bualadh le chéile go rialta<br><br>An dara hiontráil de chéimeanna nua i bhFómhar 2024<br><br>Suíomh gréasáin úr seolta in 2024 |

| **TOSAÍOCHT: Córais Dearbhaithe Cáilíochta ábhartha agus iomchuí a chur i bhfeidhm** | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Teagmháil leanúnach leis an Chigireacht inár scoileanna | Tuarascálacha Cigireachta atá dearfach agus cuiditheach<br><br>Moltaí ó Thuarascálacha Cigireachta curtha faoi bhráid BBanna a chuireann maoirseacht agus treoir ar fáil. | Moltaí na dTuarascálacha Cigireachta a chur i bhfeidhm go tráthúil |
| Forbairt leanúnach agus comhtháthú Córas Dearbhaithe Cáilíochta (DC) in FET<br><br>Plean chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Athbhreithnithe Reachtúil Tionscnaimh ar DC FET (Bealtaine 2021) | Líon na moltaí ó athbhreithniú DC curtha i bhfeidhm | Plean Gníomhaíochta DC a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach |

| **TOSAÍOCHT: Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais i gcomhréir leis an bheartas náisiúnta reatha** | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Plean Gníomhaíochta DEIS gníomhach inár 11 scoil DEIS | Pleananna DEIS atá praiticiúil agus dinimiciúil | Aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil |

## CUSPÓIR: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

| | | |
|---|---|---|
| Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn a leabú a thuilleadh i saol na scoile<br><br>Treoirlínte nua Cineáltais a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm | Foirne Tacaíochta Scoile Gníomhacha<br><br>Nósanna imeachta soiléire ar an dóigh le plé le fadhbanna bulaíochta | Feabhas a chur ar rochtain, ar choinneáil agus ar dhul ar aghaidh chuig saol na hoibre/breisoideachas/ardoideachas |
| Tacaíochtaí méadaithe a thabhairt do mhic léinn trí Thacaíochtaí do Mhic Léinn agus Seirbhís Leasa | Tacaíochtaí foghlaimeora FET a chur ar fáil ar bhealach comhsheasmhach ar fud na gclár | Atreoruithe mac léinn ETB chuig seirbhísí Tacaíochta & Leasa Mhic léinn ETB. |
| A chinntiú go gcuirtear guth na mac léinn san áireamh i bhfóraim éagsúla chinnteoireachta<br><br>Deis dár 6 Ghaelscoil cur leis an phlé ar éiteas. | Fóraim do mhic léinn agus meicníochtaí aiseolais eile do mhic léinn i bhfeidhm.<br><br>Lá éascaithe chun go dtig leis na Gaelscoileanna éiteas a phlé | An Plean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm go tráthúil<br><br>Fianaise go bhfuil athruithe á gcur i bhfeidhm mar gheall ar aiseolas ó mhic léinn. |
| Ciste REACH a chur chun cinn do ghrúpaí pobail (FET) | Tacaíocht do ghrúpaí pobail chun gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi REACH a chur i bhfeidhm e.g. moil dhigiteacha a bhunú ag an leibhéal áitiúil, agus rochtain a fháil ar chiste 2023. | Méadú ar an rochtain atá ar fáil do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste trí mhaoiniú FET REACH a chur i ngníomh<br>Maoiniú REACH |
| An próiseas Aitheantais Réamhfhoghlama (AR) a phríomhshruthú agus a chomhtháthú mar bhealach chun scileanna a fuarthas trí fhoghlaim ó thaithí (ionad oibre) a dhéanamh infheicthe (FET) | Líon na bhfoghlaimeoirí a bhaineann dámhachtainí amach tríd an phróiseas AR (FET) | Líon na mac léinn a bhaineann dámhachtainí amach a choinneáil trí phróiseas AR. (FET) |
| Líonra Foghlama Gairmiúla/Pobal Cleachtais a rolladh amach i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim<br>Úsáid bhreise a bhaint as moil FCT chun tacú le baill foirne agus meantóireacht a dhéanamh orthu maidir le huirlisí agus bogearraí FCT ó thaobh Oiliúint inrochtaineachta do bhaill foirne i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF)/ Suaitheantas DUF a rolladh amach níos mó | Líon na mball foirne atá páirteach in oiliúint DUF | Rochtain, dul chun cinn agus coinneáil níos fearr |
| An Straitéis 'Litearthacht Aosach do Chách' a chur i bhfeidhm | Rannpháirtíocht ghníomhach foghlaimeoirí imeallaithe maidir le huasoiliúint dhigiteach agus oideachas litearthachta agus uimhearthachta | Líon méadaithe mac léinn i mbun cláir oideachais litearthachta, uimhearthachta agus scileanna digiteacha (FET) |
| Seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar do mhic léinn atá ina ngátar (FET) | An tseirbhís comhairleoireachta a soláthraíodh a rolladh amach (FET) | Leanúint den tseirbhís comhairleoireachta a chur chun cinn (FET) |

## CUSPÓIR: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

| | | |
|---|---|---|
| Roghanna FET a mhéadú do mhic léinn atá faoi mhíchumas | Leanúint ar aghaidh ag cur an chláir Uathachais chun cinn (FET) (An Comhchoiste) | Clár Uathachais athbhreithnithe agus coinnithe |

| TOSAÍOCHT: Seirbhísí Comhairleoireachta agus Treoirchomhairleoireachta a sholáthar | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Seirbhís treoirchomhairleoireachta ar fáil i scoileanna agus in Ionaid FET | Treoirchomhairleoirí a fhostú inár scoileanna go léir<br><br>Líon na múinteoirí cáilithe | Méadú ar líon na múinteoirí in ETB Dhún na nGall atá cáilithe mar Threoirchomhairleoirí |
| Rochtain fheabhsaithe ar chúrsaí treoirchomhairleoireachta a sholáthar as a dtiocfaidh cáilíocht trí idirchaidreamh leanúnach le MSLETB agus DCU agus iad ag iarraidh Clár Treoirchomhairleoireachta for-rochtana eile a sholáthar | Fianaise ar phlé le DCU<br><br>Seirbhísí treoirchomhairleoireachta FET aghaidh ar aghaidh a chur ar fáil ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear an tseirbhís 'buail isteach' a athoscailt do chliaint. Seirbhís ar fáil ar líne fosta de réir mar is gá | Gealltanas ó DCU go gcuirfidh sí clár for-rochtana ar fáil |
| Seirbhís Treoirchomhairleoireachta á tairiscint i bpobail faoi mhíbhuntáiste (FET) | Seirbhís Treoirchomhairleoireachta FET curtha ar fáil i gceantair ard-dífhostaíochta<br><br>Aonach FET eagraithe | Rochtain níos mó ar sheirbhísí treoirchomhairleoireachta do mhic léinn FET agus do mhic léinn féideartha, lena n-áirítear i gceantair faoi mhíbhuntáiste |

| TOSAÍOCHT: Áiseanna foghlama/oiliúna ardchaighdeáin a sholáthar | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Athchóiriú agus forbairt leanúnach ar áiseanna i gcomhar le Bainistíocht Eastát<br><br>Áitribh FET a thógáil ar cíos má tá gá le cóiríocht bhreise | Anailís/measúnú riosca leanúnach ar riachtanais athchóirithe na n-ionad agus na scoileanna<br><br>Áiseanna FET ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus na foirne | Grúpa Oibre TFE/FET/Foirgneamh Scoile a chinntíonn pleanáil chomhordaithe ar thionscadail foirgneamh agus go bhfuil an úsáid is fearr agus is féidir á baint as acmhainní |

# CUSPÓIR: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

| | | |
|---|---|---|
| Rochtain na mac léinn a éascú nuair nach leor an t-áitreabh reatha chun freastal ar riachtanais clár/foghlaimeoirí | Rochtain do mhic léinn éascaithe | Líon na n-áitreabh FET a chomhdhlúthú<br><br>Athlonnú sealadach Ógtheagmháil ó Leifear go Leitir Ceanainn.<br>Díchúpláil leanúnach Cúrsaí Iar-Ardteistméireachta ón iar-bhunscoil trí úsáid a bhaint as an Mhol Gnó |
| Athbhreithniú leanúnach ar áiseanna FET chun an seachadadh is fearr agus is féidir a chinntiú do mhic léinn<br>Seomraí ranga nua do mhic léinn le RSO<br>Straitéis Eastát FET a fhorbairt agus Tuarascáil Measúnachta Straitéisí (TMS) a chur faoi bhráid SOLAS | Áiseanna feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí<br><br>Straitéis Eastát FET a fhorbairt | Cóiríocht le haghaidh Litearthachta, Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus tacaíocht riaracháin tugtha chun críche i Leitir Ceanainn ar feadh na cúig go 10 mbliana atá romhainn.<br><br>Teagmháil leanúnach le RBATNE agus SOLAS maidir leis an phlean eastáit fhadtéarmach. |

| TOSAÍOCHT: Oideachas agus Oiliúint Allamuigh a chur chun cinn agus a fhorbairt | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Forbairt bhreise ar shamhail mhaoinithe Ionaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh (IOOA) chun go mbeidh dul chun cinn i dtreo comhtháthú breise leis an tseirbhís FET ann (de réir an bheartais náisiúnta) | Feidhmíocht airgeadais<br><br>Líon na ndaoine atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí san Ionad | Iarracht a dhéanamh seirbhís atá inmharthana ó thaobh airgeadais de a chruthú<br><br>Líon uasta daoine ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí san ionad<br><br>Eolas faoin dóigh ar féidir le IOOA cur le cláir FET |



#IsMuidETBDhúnnanGall

## CUSPÓIR: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

| | | |
|---|---|---|
| IOOA ag seachadadh clár ábhartha do scoileanna, don tSeirbhís FET agus don phobal i gcoitinne.<br><br>Múnla IOOA a athailíniú chun na dúshláin go léir a léiriú lena n-áirítear brandáil dírithe agus Caidreamh Poiblí.<br><br>Feabhas a chur ar chur chuige comhpháirtíochtaí maidir le líonra náisiúnta IOOA.<br><br>Pleananna a aithint do thodhchaí an ionaid mar chuid d'fhorbairt na Straitéise foriomláine Eastát FET | Cláir dhinimiciúla agus ábhartha chun freastal ar riachtanais na spriocghrúpaí a dhéanann rochtain ar an ionad<br><br>Foireann a uasoiliúint ar bhonn rialta<br><br>Feasacht mhéadaithe faoin Ionad | Naisc fheabhsaithe le Líonra Náisiúnta IOOA ETBI |

| **TOSAÍOCHT: Cláir Oiliúna agus Printíseachta a sholáthar agus a fhorbairt** | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Aghaidh tugtha air taobh istigh de sholáthar na gClár Breisoideachais agus Oiliúna: Cúrsaí Oiliúna úra a fhorbairt agus 5 chlár Printíseachta Ceardaíochta a sheachadadh. | Cur le líon na bPrintíseachtaí Chéim 2 a ghlactar isteach don bhliain 2023 | Glacadh le trí ghrúpa éagsúla in aon bhliain amháin san oiread clár Printíseachta agus is féidir |
| Teagmháil leanúnach leis an tionscal agus cláir a dhearadh a fhreagraíonn do riachtanais áitiúla. | Cláir nua faofa / bailíochtaithe de réir mar is gá | Méadú ar an líon daoine atá ag gabháil do chúrsaí dírithe ar dhul chun cinn san fhostaíocht |

| **TOSAÍOCHT: Tosaíocht a thabhairt do ETIM/ETIEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Matamaitic) i Scoileanna** | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Eolaíocht Ríomhaireachta a neadú a thuilleadh sna scoileanna a thairgeann an t-ábhar ag leibhéal na hArdteistiméireachta.<br><br>Plé le OTA a chur chun cinn ar mhúnla chun Eolaíocht Ríomhaireachta don Ardteistiméireachta chur ar fáil do mhic léinn nach bhfuil in ann rochtain a fháil ar an chlár ina scoil<br><br>Tacú le clár OTA maidir le nascadh le scoileanna ar an mhodúl Róbataic VEX. | Is rogha inmharthana í Eolaíocht Ríomhaireachta do mhic léinn nuair atá sí ar fáil sa tSraith Shinsearach | 4 scoil ag tairiscint Eolaíocht Ríomhaireachta |



#IsMuidETBDhúnnanGall

## CUSPÓIR: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

| TOSAÍOCHT: Tacaíochtaí foghlama TFC ar ardchaighdeán a sholáthar i scoileanna/ionaid | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Iniúchadh a dhéanamh ar ardáin mhalartacha le haghaidh tacaíochtaí foghlama le linn 2024 d'fhonn aistriú féideartha | Ardáin eile aitheanta | Aistriú réidh chuig ardáin nua |
| Deiseanna fairsinge FGL don fhoireann chun scileanna a fheabhsú i soláthar cumaisc Teagaisc agus Foghlama. Úsáid mhéadaithe á baint ag múinteoirí as Google Classroom | Líon agus leibhéal na ndeiseanna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí in TFC atá ar fáil don fhoireann mar is cuí chun freastal ar an dúshlán a bhaineann le teagasc agus foghlaim chumaisc ar ardchaighdeán a sholáthar<br><br>Baill foirne ag glacadh le deiseanna uasoiliúna FCT | Níos mó ball foirne ag glacadh páirt in FGL, go háirithe maidir le Teagasc agus Foghlaim Chumaisc<br><br>Níos mó ball foirne ag gabháil do FCT |
| Deiseanna a fhiosrú chun aiseolas fiúntach a thabhairt do mhic léinn trí ardán ar líne | Feidhmiúlacht fheabhsaithe do mhic léinn agus don fhoireann<br><br>Múinteoirí ag úsáid na rogha ar líne mar chuid dá gcuid oibre. | Aiseolas ar líne le tabhairt isteach i 6 scoil |

| TOSAÍOCHT: A chinntiú go bhfuil gach beart cosanta leanaí riachtanach i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2023/A chinntiú go gcomhlíontar, go hiomlán, na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2023 | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Faomhadh Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí Faofa ag Boird Bhainistíochta | Ráitis maidir le Cosaint Leanaí curtha le chéile | Gach ráiteas faofa ag Boird Bhainistíochta |
| Oiliúint do Phríomhoidí/Leas-Phríomhoidí & Boird Bhainistíochta | Líon na bPríomhoidí / na Leas-Phríomhoidí atá oilte | Gach cúrsa oiliúna le críochnú |
| Tuairiscí Maoirseachta maidir le Cosaint Leanaí Críochnaithe ag Príomhoidí | Líon na dtuairiscí a críochnaíodh | Gach tuairisc le críochnú |
| Tá an fhoireann ar an eolas faoina freagrachtaí maidir le Cosaint Leanaí | Tuairiscí Cigireachta<br><br>Maoirseacht ar mhiontuairiscí Bord Bainistíochta | Feasacht iomlán i measc na bhfostaithe ábhartha uilig ar a bhfreagrachtaí maidir le Cosaint Leanaí |
| Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt na Reachtaíochta um Chosaint Aosach go náisiúnta agus freagairt dá réir | Reachtaíocht agus beartas um chosaint aosach a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm má ritear an reachtaíocht | Freagairt do thabhairt isteach na reachtaíochta um chosaint aosach má thugtar isteach é |

## CUSPÓIR: Tacaíocht Foirne

| TOSAÍOCHT: Foireann a earcú agus a choinneáil | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Beartas éifeachtach earcaíochta agus coinneála a chur i bhfeidhm lena n-áirítear cuir chuige nuálacha a úsáid chun iarrthóirí den scoth a mhealladh<br>Nósanna imeachta promhaidh a chur i bhfeidhm don fhoireann | Coinneáil foirne<br><br>Folúntais fógartha agus líonta laistigh d'achar ama réasúnach<br><br>An próiseas ionduchtúcháin méadaithe le gach ball foirne a chlúdach | Próisis ionduchtaithe fheabhsaithe<br>Nósanna imeachta promhaidh curtha i bhfeidhm<br><br>ETB Dhún na nGall mar roghfhostóir sa réigiún |

| TOSAÍOCHT: Tacaíocht a thabhairt don fhoireann maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Réimse deiseanna foghlama agus tacaíochtaí a chur ar fáil do bhaill foirne le cur le hacmhainn na heagraíochta agus le cur le caighdeán an tsoláthair oideachais agus oiliúna.<br>Feabhas a chur ar chuíchóiriú an tsoláthair FGL ar fud na heagraíochta ar fad<br>Úsáid as síntiús don ardán Linked In Learning a bharrfheabhsú | Féilire na ndeiseanna FGL<br><br>Líon na ndaoine a thugann faoi FGL | Deiseanna FGL den scoth ar fáil ag leibhéal cuí chun freastal ar riachtanais na heagraíochta |
| Cur le cumas Gaeilge na heagraíochta Tacaíocht a thabhairt don fhoireann chun páirt a ghlacadh sa chlár náisiúnta FGL i gCeannaireacht Theagascach Comhpháirtíocht le hÚdarás Oideachais (UO) i dTÉ a fhiosrú chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú PeacePlus do thionscadal Trasteorann IL. | Úsáid na teanga laistigh den eagraíocht agus i ngníomhaíochtaí seachtracha méadaithe. Scoileanna ag cur teicníochtaí IL chun cinn go gníomhach mar chuid den fhoghlaim, den teagasc agus den mheasúnú. | Idirghabháil FGL Gaeilge d'fhoireann Aird Uí Dhónaill. Nasc le Líonra Leitir Ceanainn chun teacht ar thacaíochtaí. 8 scoil ag cur IL chun cinn go gníomhach ina gcuid foghlama, teagaisc agus measúnaithe. Maoiniú PeacePlus bronnta. |

| TOSAÍOCHT: Tacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar cheannaireacht ardchaighdeáin san ETB | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Cumas ceannaireachta a fhorbairt laistigh den eagraíocht<br><br>Oiliúint a chur ar fáil i gcomhar le ETB Dhún na | Níos mó daoine ag cur lena gcuid scileanna le dul chun cinn a dhéanamh agus le hardú céime a fháil<br><br>Líon na ndaoine a thugann faoin FGL ábhartha | Plean a cheapadh chun cumas ceannaireachta a fhorbairt |

| | | |
|---|---|---|
| nGall/ETBI agus le soláthraithe seachtracha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais aitheanta<br><br>Seimineár bliantúil do bhainisteoirí a chur ar fáil | Seimineár bainisteoirí tugtha | |

| TOSAÍOCHT: Eolas ar Shláinte agus Sábháilteacht a chur chun cinn | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Riachtanais oiliúna S&S a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu<br><br>Dul i ngleic le bearnaí i soláthar Sláinte agus Sábháilteachta<br><br>Taighde a dhéanamh ar aipeanna atá ar fáil chun cuidiú le seiceálacha S&S | Níos lú timpistí ag tarlú i scoileanna agus ionaid<br><br>Líon na Ráiteas Sábháilteachta atá déanta<br><br>Aip aitheanta chun cuidiú le feabhas a chur ar mhonatóireacht S&S | Ráitis Sábháilteachta cothrom le dáta i bhfeidhm do gach Scoil, Ionad agus Oifig |

| TOSAÍOCHT: Cianobair | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Beartas Oibre Cumaisc don eagraíocht a chur i bhfeidhm | Líon na n-iarratas ar Obair Chumaisc | Beartas Oibre Cumaisc i bhfeidhm |



#IsMuidETBDhúnnanGall

## CUSPÓIR: Rialachas

| TOSAÍOCHT: Rátaí tinrimh ag cruinnithe Boird | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Béim a chur in athuair ar an ghá le freastal ar gach cruinniú Boird de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas na ETBanna | Taifid tinrimh | Freastal iomlán ag gach ball den Bhord |

| TOSAÍOCHT: Féinmheasúnuithe an Bhoird | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Ba chóir don Bhord féinmheasúnú a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an cheistneoir atá sa Chód Cleachtais, chun réimsí a aithint ina bhfuil gá le feabhsúcháin | Féinmheasúnú an Bhoird curtha i gcrích | Measúnú a dhéanamh go tréimhsiúil agus aghaidh a thabhairt ar aon réimsí a sainaithníodh le haghaidh feabhsúchán |

| TOSAÍOCHT: Saineolas airgeadais ar an choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an coiste Airgeadais | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Ba chóir don Bhord ceapacháin ar choistí Iniúchóireachta agus Riosca agus Airgeadais a dhéanamh i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí.<br><br>Ba cheart do bhaill sheachtracha na gcoistí na scileanna agus an taithí iniúchóireachta agus airgeadais atá de dhíth a thabhairt leo chuig an ról | Saineolas agus taithí chuí airgeadais agus iniúchóireachta ar an Choiste CIR (Coiste Iniúchóireachta agus Riosca) agus an Coiste Airgeadais | Ba chóir go mbeadh taithí agus saineolas ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta ag na daoine atá ina gceapacháin sheachtracha ar CIR agus ar CA (an Coiste Airgeadais) |

| TOSAÍOCHT: Breithmheas ón Bhord ar obair a dhéanann an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird a chinntiú go dtugtar tuairiscí i scríbhinn do bhaill an Bhoird ar an obair a dhéanann an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca mar a éilítear faoin Chód Cleachtais um Rialachas ETBanna | Tuairiscí curtha faoi bhráid an Bhoird | Tuairiscí curtha isteach agus breithmheasanna tugtha chun críche go bliantúil |

## CUSPÓIR: Rialachas

| TOSAÍOCHT: Féinmheasúnú á dhéanamh ag an Choiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Ba chóir do Chathaoirligh an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca araon a chinntiú go gcríochnaítear cleachtas féinmheasúnaithe go bliantúil mar a éilítear faoin Chód Cleachtais um Rialachas ETBanna | Féinmheasúnuithe críochnaithe | Déantar na measúnuithe go bliantúil agus tugtar aghaidh ar aon réimsí aitheanta le haghaidh feabhsúchán |

| TOSAÍOCHT: Forbairt Foirne | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach:<br>- Go gceapfar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna<br>- Go ndéanfar anailís ar riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil<br>- Go bhforbrófar clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais agus go gcuirfear i bhfeidhm é | Líon na sealbhóirí buiséid a oileadh<br><br>Líon na gcúrsaí oiliúna a tairgeadh<br><br>Líon na mball foirne atá rannpháirteach in oiliúint | Deis a thabhairt do gach ball foirne páirt a ghlacadh in oiliúint ábhartha i rith na bliana<br>Cuirtear oiliúint ar gach sealbhóir buiséid scoile/ionaid sa bhainistíocht airgeadais uair amháin i ngach tréimhse trí bliana ar a laghad |

| TOSAÍOCHT: Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Cloítear le spriocdhátaí tuairiscithe atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais, ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ag SOLAS, ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | Comhlíonadh spriocdhátaí<br><br>Tuarascálacha úra forbartha ag úsáid fheidhmiúlacht d/EPM | Iarratas ar Leithdháileadh Maoinithe (ILM), Plean Seirbhíse Bliantúil, Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus Tuarascáil Bhliantúil go léir curtha isteach faoi dhátaí dlite.<br><br>Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú rolladh amach modúl tuairiscithe nua d/EPM chun cumas tuairiscithe agus cinnteoireacht thráthúil a fheabhsú<br><br>Tuairisciú breise a fhorbairt de bharr an chórais chumaiscthe |

## CUSPÓIR: Rialachas

| **TOSAÍOCHT: Beartas Bainistíochta Riosca** | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Ba chóir don Bhord a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach ann atá ceaptha chun rioscaí suntasacha a aithint a bhfuil baint acu le baint amach thorthaí an eintitis agus dul i ngleic leo. Ba chóir don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an Bhord sa ról seo<br><br>Clár Riosca Chorparáidigh a uasdátú go bliantúil ar a laghad | Beartas Bainistíochta Riosca cothrom le dáta<br><br>Clár Riosca Chorparáidigh uasdátaithe Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca déanta ag an Bhord / CIR | Clár Riosca Chorparáidigh agus Beartas Bainistíochta Riosca ETB Dhún na nGall a nuashonrú go bliantúil de réir riachtanais bheartais |

| **TOSAÍOCHT: Rialuithe Inmheánacha** | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Ba chóir don Bhord a chinntiú go bhfaigheann sé cinnteacht leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag oibriú mar atá beartaithe | Faigheann an Bord dearbhuithe ón lucht bainistíochta agus ón Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le feidhmiú an struchtúir rialaithe inmheánaigh agus déanann sé athbhreithniú orthu | Athbhreithniú bliantúil déanta ag CIR agus ag an Bhord ar an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh (RRI) |

| **TOSAÍOCHT: Struchtúir agus córais eagraíochtúla a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na heagraíochta atá ag athrú** | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Dul i dteagmháil leis an Roinn Oideachais, RBATNE, SOLAS, agus ETBI chun iarracht a dhéanamh struchtúir eagraíochtúla nua a chur i bhfeidhm le cur ar chumas ETB Dhún na nGall a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh agus feidhmeanna nua agus feabhsaithe a chur i gcrích.<br><br>An coincheap "Coláiste FET na Todhchaí" (CFETT) a scrúdú ó thaobh infheistíochta caipitil de | Struchtúr eagraíochta tosaíochta a shainaithint | Athbhreithniú déanta ar na struchtúir<br><br>Céim Dearaidh Eagrúcháin II a chur chun cinn<br><br>Straitéis Eastáit FET a chur chun cinn<br><br>Coincheap an Choláiste FET a chur chun cinn |

## CUSPÓIR: Rialachas

| TOSAÍOCHT: Úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Treoir leanúnach á tabhairt do Phríomhoidí agus do Bhainisteoirí Ionaid/do shealbhóirí buiséid maidir leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní airgeadais agus foirne le seirbhísí ETB a sheachadadh chomh maith agus is féidir.<br><br>Digitiú in úsáid níos mó le cur leis an táirgiúlacht agus chun inbhuanaitheacht a fheabhsú | Seirbhísí a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí, | Deiseanna a aithint gach bliain chun na cleachtais agus na hacmhainní bainistíochta agus ceannaireachta is fearr a roinnt ar fud na heagraíochta |
| Tionscadal Seirbhísí Roinnte Párolla a chur i bhfeidhm | Aistriú chuig Seirbhísí Roinnte Párolla curtha i gcrích | Aistriú curtha i gcrích agus cloítear i gcónaí le spriocdhátaí íocaíochta |
| Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | Aistriú go Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais curtha i gcrích, athbhreithniú déanta ar na próisis ghnó iarmharacha | Aistriú go Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais curtha i gcrích |
| Athbhreithniú ar acmhainní TFC d'fhonn comhtháthú a dhéanamh ar fud na Stiúrthóireachtaí go léir | Grúpa Oibre TFC bunaithe | Plean Gníomhaíochta a fhorbairt do straitéis TFC chomhtháite |

| TOSAÍOCHT: Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Straitéis chumarsáide atá soiléir agus éifeachtach a fhorbairt do ETB Dhún na nGall.<br>Grúpa Comhairleach Cumarsáide chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus comhairle a thabhairt ar chúrsaí cumarsáide.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis mhargaíochta FET | Tuigbheáil fheabhsaithe laistigh den phobal áitiúil ar an raon seirbhísí atá á gcur ar fáil ag ETB Dhún na nGall<br><br>Suíomh gréasáin neamhspleách FET agus straitéis mhargaíochta a chruthú i gcomhréir le Straitéis FET don Todhchaí agus le coincheap CFETT | Dréachtstraitéis chumarsáide a chruthú.<br><br>Suíomh gréasáin nua FET seolta agus straitéis mhargaíochta FET curtha le chéile |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomh Gréasáin ETB Dhún na nGall | Suíomh gréasáin coinnithe cothrom le dáta | An suíomh gréasáin coinnithe cothrom le dáta agus athbhreithniú déanta air go rialta |
| Feabhas a chur ar phróifíl ETB Dhún na nGall laistigh den phobal | Láithreacht ar na meáin shóisialta agus táscairí staitistiúla méadaithe | 1,500 mír mheáin a bhaint amach thar na meáin chlóite, chraolta agus ar líne agus ar a laghad 12 |

| | | |
|---|---|---|
| Acmhainní breise a lorg chun cumas cumarsáide a fheabhsú<br><br>Seachtain ETB eagraithe ag ETBI a threisiú chun próifíl ETB Dhún na nGall a fheabhsú | Acmhainn bhreise faighte<br><br>Feasacht mhéadaithe ar ETB Dhún na nGall agus a chuid seirbhísí | phreasráiteas foilsithe<br>24 blag a fhoilsiú in 2023 chun ionadaíocht a dhéanamh ar gach cuid den eagraíocht<br>Ag iarraidh 200,000 úsáideoir láithreán gréasáin a mhealladh<br>Fás ar phríomh-mhéadracht na meán sóisialta |

| TOSAÍOCHT: Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Feidhm Cosanta Sonraí (CS) Tiomnaithe i bhfeidhm agus oiliúint curtha ar fáil. | Líon na sáruithe sonraí a tuairiscíodh | Níl aon sáruithe suntasacha sonraí a n-éilítear tuairisciú don Choimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) mar gheall orthu |
| Leanúint ag cur le bonneagar cibearshlándála ETB Dhún na nGall<br>Páirt a ghlacadh i dtionscadal Earnála ag obair i dtreo caighdeáin bhonnlíne an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (LNC)<br>Leanúint ar aghaidh ag glacadh páirt i dtionscadal Ionad Oibríochtaí Slándála (IOS)/Fhaisnéis Slándála agus Bhainistíocht Imeachtaí (FSBI) HEAnet<br>Ceardlann le ETBI chun foghlaim ó athbhreithnithe an Chumainn Idirnáisiúnta Ollscoileanna ar TFC a chur i bhfeidhm | Níl aon chaillteanas/goid sonraí mar thoradh ar chibearionsaí | A chinntiú go ndéantar sonraí ETB Dhún na nGall a chosaint a oiread agus is féidir |



#IsMuidETBDhúnnanGall

## CUSPÓIR: Rialachas

| TOSAÍOCHT: Dul i dteagmháil go héifeachtach le fostóirí agus le comhlachtaí fostóra | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Oibriú i gcomhar leis na fostóirí/comhlachtaí fostóra ábhartha go léir chun riachtanais oiliúna a aithint go héifeachtach agus chun an uasoiliúint riachtanach a sholáthar. Freagairt do riachtanais athraitheacha an tionscail a eascraíonn as dul chun cinn na teicneolaíochta agus eile.<br>Caidrimh dhearfacha a choinneáil chun taithí oibre agus socrúcháin oibre a shocrú do mhic léinn ETB Dhún na nGall. | Líon méadaithe fostóirí a úsáideann ár gcláir oiliúna.<br>Líon méadaithe fostóirí a chuireann taithí oibre ar fáil.<br>Eolas agus feasacht níos fearr ar an mhéid is féidir le ETB Dhún na nGall a thairiscint d'fhostóirí.<br>Páirt a ghlacadh in imeachtaí Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla. | Deiseanna líonraithe a mhéadú ag imeachtaí/cruinnithe IBEC agus Comhlachas Tráchtála Leitir Ceanainn.<br>Naisc a mhéadú le Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla. |
| Oibriú i gcomhar le Fóram Scileanna Réigiúnach/ Fiontar Éireann/Aonad Eacnamaíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall (CCDG)/ GFT/ ÓFA/ICBAN/Feidhmeannas Braisle Innealtóireachta/Plean Fiontair Réigiúnach an Iarthuaiscirt /Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair | Líon fostaithe sa chontae atá rannpháirteach i gcúrsaí Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí agus i gcúrsaí atá 'díoltóir-deimhnithe' | Cláir a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlaimeoirí agus tionscail.<br><br>Líon na dtairbhithe FET a théann ar aghaidh chuig cúrsaí fostaíochta a mhéadú 5% |
| Dianteagmháil le fostóirí in earnálacha tábhachtacha i nGnóthais Bheaga agus Mheánmhéide agus cuideachtaí ilnáisiúnta e.g. an earnáil innealtóireachta agus teicneolaíochta d'fhonn cláir FET nua a fhorbairt agus uasoiliúint a chur ar an fhórsa saothair atá ann cheana, lena n-áirítear deiseanna foghlama ar líne agus cumaisc a sholáthar | Cláir atá deartha chun freastal ar riachtanais deiseanna fostaíochta forbartha fórsa saothair sa chontae<br><br>Deiseanna foghlama ar líne agus cumaisc a sheachadadh chun freastal ar riachtanais an tionscail, lena n-áirítear uasoiliúint a chur ar fhostaithe reatha<br><br>Forbairt leanúnach ar chaidrimh dhearfacha leis an earnáil tionscail | Méadú ar líon agus cineálacha cuideachtaí a dtéitear i dteagmháil leo<br><br>Méadú ar líon na ndeiseanna a chuirtear ar fáil d'fhostaithe in earnáil na tionsclaíochta e.g. scileanna glasa, bainistíocht mhaoirseachta, cianobair, foghlaim obairbhunaithe, innealtóireacht, Scileanna sa Todhchaí |

## CUSPÓIR: Rialachas

| TOSAÍOCHT: Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Caidrimh atá bunaithe cheana féin le grúpaí pobail áitiúla agus le fostóirí agus le heagraíochtaí deonacha, reachtúla, trasteorann agus eagraíochtaí ábhartha eile a fhorbairt chun oibriú i dtreo spriocanna comhroinnte: CCDG, OTA, ÚnaG, IBEC, DWIBN, An Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta, Braisle Oideachais Threasaigh an Iarthuaiscirt (BOTI), ICBAN.<br>Cúrsaí Treasacha breise forbartha le OTA | MoU/CSanna sínithe.<br>Tionscadail shonracha comhaontaithe le páirtithe leasmhara éagsúla agus pleananna oibre agus spriocanna leagtha amach.<br>Acmhainní cuí a leithdháileadh, más infheidhme.<br>Iarratais ar mhaoiniú PeacePlus/Oileán Comhroinnte le breithniú.<br>Torthaí measúnaithe i gcoinne spriocanna comhroinnte. Méadú ar líon na bhfostóirí a bhíonn i dteagmháil lenár n-aonad fiontair.<br>Gníomhartha bainte amach i bPlean Fiontar Réigiúnach an Iarthuaiscirt.<br>Páirt a ghlacadh in imeachtaí chun Dún na nGall agus an tIarthuaisceart a chur chun cinn arna n-eagrú ag comhairlí cuí, Fiontraíocht Éireann, GFT etc.<br>Níos mó daoine ar chúrsaí treasacha<br>A bheith mar chomhpháirtí cinn nó comhpháirtí tacaíochta ar roinnt gníomhartha Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PAEP) | .<br>Grúpa oibre a bhunú chun gníomhartha faoin MoU a chur chun cinn le ÚnaG.<br>Gníomhaíochtaí a chur i gcrích faoi ghrúpa oibre ICBAN.<br>Comhdháil BOTI agus plean oibre críochnaithe, comhoibriú le OTA curtha chun cinn: printíseacht in oibriú miotail<br>Feabhas a chur ar an eolas ar oiliúint scileanna a chuirtear ar fáil ag cruinnithe réigiúnacha Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC).<br>Gníomhaíochtaí leithdháilte ar ETB Dhún na nGall mar chuid de Phlean Fiontair Réigiúnach an Iarthuaiscirt (PFRI) a thabhairt chun críche.<br>Páirt a ghlacadh, de réir mar is gá, in imeachtaí chun an réigiún a chur chun cinn.<br>Rannpháirtíocht i gComhpháirtíocht Síochána CCDG.<br>Iarracht a dhéanamh céim Threasach amháin ar a laghad a sholáthar<br>Cur go fóinteach leis an PAEP, 2023-2029 |

| TOSAÍOCHT: Dea-chleachtas a leanúint ó thaobh soláthair | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Beartas Soláthair nuashonraithe a chur i bhfeidhm ag teacht leis an dea-chleachtas<br><br>Airteagal 5.2 a chur chun feidhme do 2024<br><br>Úsáid mhéadaithe as na critéir 'ghlasa' mar chuid den phróiseas soláthair | Luach an tsoláthair neamhchomhlíonta a laghdú<br><br>Níos mó comórtas soláthair ag úsáid na gcritéar 'Glas' | Luach an tsoláthair neamhchomhlíontachta laghdaithe<br><br>Critéir 'Ghlasa' mar chuid de gach imeacht soláthair nuair is féidir |

## CUSPÓIR: Rialachas

| | | |
|---|---|---|
| Tionscnaimh nua/leanúnacha chun comhlíonadh soláthair a fheabhsú | Tionscnaimh nua/leanúnacha curtha i bhfeidhm e.g. 'Cruinnithe faisnéise tairgeoirí' a óstáil chun rannpháirtíocht agus tuiscint ar riachtanais soláthair na hearnála poiblí i measc soláthróirí a fheabhsú | Gach Príomhtháscaire Feidhmíochta atá i bpróiseas an Phlean Soláthair Chorparáidigh bhliantúil / an Phlean Soláthair Ilbhliantúil a bhaint amach |

| TOSAÍOCHT: A chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla agus rialála | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Athbhreithniú leanúnach ar riachtanais reachtaíochta / rialachais oibríochtaí ETB Dhún na nGall agus cur i bhfeidhm torthaí a chinntiú. | Ráiteas maidir le Rialaithe Inmheánacha | Níl aon sáruithe suntasacha comhlíontachta ann |
| Roinnt gníomhartha a shainaithint agus a sheachadadh faoin chéim "Tabhair Faoi" de Dhualgas na hEarnála Poiblí | Gníomhartha sainaitheanta faoin Chéim "Tabhair Faoi" de Dhualgas Earnála Poiblí seachadta in 2024 | Tuarascáil ar fheidhmiú an Dualgais a chur isteach inár dTuarascáil Bhliantúil 2023. |

# CUSPÓIR: Cláir Chosanta

| **TOSAÍOCHT: Cuidiú leis an RO, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint agus as soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta** | | |
|---|---|---|
| **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| Foireann REALT a leabú chun cuidiú le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le leanaí ón Úcráin a chur i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna<br><br>Acmhainní cuí a sholáthar chun oibriú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile chun seirbhísí cuí a sholáthar do dhídeanaithe agus d'iarrthóirí tearmainn | Comhtháthú agus dul ar aghaidh chuig cláir phríomhshrutha<br><br>Soláthar cuí i bhfeidhm do phobail nua de réir mar is gá | Gach tacaíocht riachtanach a chur ar fáil |

Chomh maith leis na spriocanna agus na tosaíochtaí thuas a comhaontaíodh go náisiúnta, cuirfear tús leis na tosaíochtaí straitéiseacha sonracha seo a leanas le haghaidh ETB Dhún na nGall nó cuirfear chun cinn iad le linn 2023 chun a chinntiú go gcuirfear an Ráiteas Straitéise foriomlán chun cinn:

| Cuspóir | Tosaíocht | Beart | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail Chaipitil** | Aghaidh a thabhairt ar sholáthar scoile i mBun Cranncha | Oibriú leis an Roinn Oideachais chun an tionscadal tógála a chur chun cinn | An tionscadal a chur chun cinn trí chéimeanna thionscadal tógála scoile an RO | Leanúint ar aghaidh ag dul i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha |
| | Coláiste an Eargail, Leitir Ceanainn | Tionscadal maidir le síneadh mór (Cineachta) 9,000m2 | An tionscadal a chur chun cinn trí chéimeanna thionscadal tógála scoile an RO | Chun freastal ar rollú réamh-mheasta fadtéarmach de 750 dalta |
| | Coláiste Pobail Bhun an Phobail | Tionscadal maidir le síneadh mór (Cineachta) 5,000m2 | An tionscadal a chur chun cinn trí chéimeanna thionscadal tógála scoile an RO | Chun freastal ar rollú réamh-mheasta fadtéarmach de 550 dalta |
| **Obair don Ógra** | Soláthar Oibre don Ógra i gceantar ETB Dhún na nGall a fhorleathnú, a fheabhsú agus tacú leis. | Tacaíocht agus treoir leanúnach do gach soláthar seirbhíse óige seanbhunaithe, lena n-áirítear tionscadail agus clubanna faoi stiúir na foirne agus oibrithe deonacha, trí scéimeanna ar nós UBU Do Spás, D'Áit, chun tionchar a imirt ar earnáil láidir óige agus í a chur chun cinn.<br><br>Tógáil ar an dea-obair idirghníomhaireachta agus ar an chomhoibriú trí Choiste Obair don Ógra ETB Dhún na nGall, Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDO), Comhairle Óige Dhún na nGall, Tusla agus FSS.<br><br>Freastal go comhoibríoch ar riachtanais leanaí agus daoine óga trí | Rochtain ar sheirbhísí nua don ógra agus oibrithe óige breise a mhéadú trí infheistíocht stáit leanúnach.<br><br>Fás ar líon na ndaoine óga a fhaigheann tacaíocht trí ghníomhaíochtaí óige éagsúla (Clubanna Óige, Ionaid Faisnéise don Óige, tionscadail UBU)<br><br>Cruinnithe Pleanála agus Athbhreithnithe ar Dhul Chun Cinn (CPADCCanna) a reáchtáladh le hEagraíochtaí Óige atá maoinithe ag UBU, chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar sheachadadh na | Méadú ar líon na ndaoine óga a fhaigheann tacaíocht, infheistíocht méadaithe i ngníomhaíochtaí óige |


| **Cuspóir** | **Tosaíocht** | **Beart** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
|---|---|---|---|---|
| | | obair don ógra agus modheolaíochtaí éifeachtacha eile. Cinntiú go gcuirtear struchtúir láidre rialachais i bhfeidhm. | Seirbhíse UBU<br><br>Aird a bheith ag gach duine ar pháistí agus daoine óga, agus a gcearta agus a bhfolláine i gcroílár beartais agus cinnteoireachta.<br><br>Daoine óga ag glacadh páirt i soláthar óige neamhfhoirmiúil d'ardchaighdeáin a chuimsíonn na cúig Thoradh Náisiúnta. | |
| **Inbhuanaitheacht /Éifeachtúlacht Fuinnimh** | Tús a chur le cur i bhfeidhm an Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gníomhartha a aithint is féidir linn a chur i bhfeidhm chun tús a chur le dul i ngleic le "Bearna go Sprioc" de chuid an ETB Dhún na nGall mar chuid den Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus de shainordú na hEarnála Poiblí trí Iniúchtaí Fuinnimh agus bealaí eile.<br><br>Feasacht na foirne a mhéadú maidir le Bainistíocht Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht<br>Inbhuanaitheacht / cúram don chomhshaol a chur san áireamh mar chatagóir scórála i soláthairtí ábhartha | Plean gníomhaíochta do thionscnaimh bainistíochta fuinnimh/inbhuanaitheachta do 2024 a chur le chéile<br><br>Líon na n-iniúchtaí fuinnimh críochnaithe<br><br>Maoiniú a fháil chun iad a chur i bhfeidhm<br><br>Sonraí ídithe fuinnimh | Díreoidh an Mheitheal um Bainistíocht Fuinnimh ar dhul chun cinn sna réimsí seo a leanas:-:<br>- Feasacht<br>- Laghdú ar ídiú fuinnimh agus astuithe<br>- Digitiú<br>- Foinsí maoinithe a aithint - Deiseanna comhoibrithe a aithint go hinmheánach agus go seachtrach le comhlachtaí eile<br>- ETB Dhún na nGall mar sholáthraí oiliúna maidir le hinbhuanaitheacht / éifeachtúlacht fuinnimh |


#IsMuidETBDhúnnanGall

| Cuspóir | Tosaíocht | Beart | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|---|
| **Pobalscoileanna Náisiúnta** | Leanúint ag tomhas an ghá atá le rogha bhreise phátrúnachta maidir le bunscoileanna | Monatóireacht a dhéanamh ar an ghá atá leis an socrú pátrúnachta úr seo trí bhualadh le pátrúin atá ann cheana agus an tsamhail Pobalscoile Náisiúnta (PN) a chur chun cinn. | Freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin a fhaightear trí bhualadh le páirtithe ábhartha agus tuilleadh faisnéise a thabhairt arna hiarraidh sin. | Freastal ar aon riachtanas aitheanta do Phobalscoileanna Náisiúnta. |
| **Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Dhún na nGall** | Cur le creatlach cultúrtha an Chontae | Ceannródaíocht a dhéanamh in oideachas seanma ceoil ar fud Dhún na nGall<br>Tacú le forbairt na gceoltóirí óga agus cur le saol cultúrtha an chontae | An líon daoine atá ag freastal ar cheachtanna a choinneáil<br>Clár gnóthach imeachtaí a sheachadadh<br>Oibriú le raon leathan comhpháirtithe | Cláir ama na mac léinn a choinneáil agus a fhorbairt in ionaid<br>Sraith ceolchoirmeacha agus ceardlanna Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP) eagraithe<br>Príomhchaidrimh coinnithe le scoileanna agus ionaid, eile |
| **Braisle Oideachais Threasaigh Trasteorann** | In 2018 d'fhógair Comhpháirtíocht Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt (CFSI), i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí breisoideachais agus ardoideachais Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt, comhaontú nua in oideachas, oiliúint agus nuálaíocht chun an Bhraisle Oideachais Threasaigh Thrasteorann a bhunú. | Leanúint le dul chun cinn a dhéanamh ar obair na braisle leis an OTA, Coláiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt agus Ollscoil Uladh | Aitheanta sa Phlean Oibre; díriú ar bhealaí chun dul chun cinn a dhoiciméadú agus a chuíchóiriú le linn 2024<br><br>Oibrithe Tionscadail chun pleananna gníomhaíochta cuí a fhorbairt de réir chuspóirí na Braisle agus faoi threoir Ghrúpa Stiúrtha agus baill na Braisle | Cruinnithe rialta den ghrúpa oibre agus tuarascálacha seachadta ar aschuir chomhaontaithe<br><br>Spriocanna Plean Oibre bainte amach do 2024 |

| Cuspóir | Tosaíocht | Beart | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|---|
| **Drugaí agus Alcól** | Sláinte agus folláine a chur chun cinn agus a chosaint<br><br>Íoslaghdú a dhéanamh ar na dochair a dhéanann úsáid agus mí-úsáid substaintí | Taighde, dearadh agus seachadadh a dhéanamh ar raon cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí i Réigiún an Iarthuaiscirt chun aghaidh a thabhairt ar an ghá atá le huasoiliúint, athnuachan eolais agus feabhsú scileanna forbartha gairmiúla, riachtanais oideachais agus oiliúna laistigh den fhoireann ghairmiúil túslíne.<br>Cuspóirí oiliúna náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le halcól agus drugaí eile. | Cumarsáid a leathnú trí líonraí / comhpháirtíocht agus páirtithe leasmhara éagsúla | Rochtain fheabhsaithe do gach duine tríd an teicneolaíocht |
| | Tacú le rannpháirtíocht daoine aonair, teaghlaigh agus pobail | Gearrchúrsaí a dhearadh agus a sheachadadh atá ar fáil do bhaill den phobal agus dóibh siúd atá ag bisiú chomh maith le gairmithe chun cur le scileanna eolais agus chun eolas a dhéanamh d'athruithe agus cuir chuige i leith na saincheisteanna. Dul i dteagmháil leis an tascfhórsa réigiúnach ar thionscadail a oibríonn le grúpaí imeallaithe chun aghaidh a thabhairt ar úsáid alcóil agus drugaí eile. | Líon na rannpháirtithe ar chúrsaí oiliúna éagsúla<br><br>Aiseolas foghlaimeora | Aghaidh a thabhairt ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus gairmithe a choinneáil ar an eolas fúthu trí dheiseanna oiliúna |
| **Míoca agus Scoileanna atá Buailte** | Acmhainní Breise a lorg chun Tacú le Mic Léinn agus Baill Foirne | Leanúint de bheith ag moladh na n-acmhainní breise riachtanacha chun tacú le mic léinn agus baill foirne | Leithdháileadh acmhainní a chur chun cinn | Tacaíochtaí méadaithe ar fáil sna scoileanna atá buailte |

## 8. FORBHREATHNÚ AR SHEIRBHÍSÍ 2024




Tá Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Soláthar Feidhmíochta sínithe ag ETB Dhún na nGall leis an Roinn Oideachais a rialaíonn na hoibríochtaí Riaracháin agus Scoileanna. Soláthraíonn cúig cinn déag de Scoileanna agus Coláistí Oideachas Dara Leibhéil (is scoileanna Gaeltachta ceithre cinn díobh seo agus is Gaelcholáistí dhá cheann díobh agus tá aon cheann déag díobh seo ainmnithe mar scoileanna DEIS).

Tá an tseirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) á stiúradh ag Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta le SOLAS. Tá 19 sainionad ag an tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) atá lonnaithe sna háiteanna seo a leanas: Gort a' Choirce, Gaoth Dobhair, Bun Cranncha, Gleann Gad, Baile Dhún na nGall (Ardscoil agus Droim Chliabh), Leitir Ceanainn (Baile Raithin, Bóthar Chill Mhic Réanáin, An Mol Gnó agus Bóthar an Phoirt), Béal Átha Seanaidh, Baile na nGallóglach, Ógtheagmháil Leifir, Ógtheagmháil Bhun Cranncha agus Gleann na Finne. Cuirtear cláir Iar-Ardteistiméireachta (IA) ar fáil i dtrí scoil de chuid ETB: Coláiste an Eargail, Coláiste Chaitríona, na Cealla Beaga agus Coláiste Ghleann na Finne. Ar deireadh cuirtear oideachas agus oiliúint allamuigh ar fáil ag Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin atá suite ar eastát 87 acra. Seachadann an tseirbhís FET Printíseachtaí, Cúrsaí Oiliúna agus oibríonn sí i gcomhar le 140+ comhlacht pobail, deonach, reachtúil agus príobháideach chun a cuid clár agus seirbhísí a sheachadadh ar fud an chontae, lena n-áirítear teagmháil fhairsing leis an tionscal. Tá an PF ina comhiontaobhaí ar na 6 phobalscoil sa chontae agus tá ról ranníocach aici in 2 scoil chuimsitheacha.

Ofrálann an tSeirbhís Treorach agus Eolais d'Aosaigh eolas neamhchlaonta agus rúnda, comhairle, treoir agus comhairleoireacht do dhaoine fásta ar na roghanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil ó ETB Dhún na nGall agus ó áiteanna eile.

Oibleagáidí agus freagrachtaí maidir le soláthar na gClár Seirbhísí Oibre don Ógra ar fud an Chontae faoin Acht um Obair Ógra tríd an Oifigeach Forbartha Óige.

Cuireann Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP) teagasc ceoil a chlúdaíonn guthanna agus raon leathan uirlisí ar fáil do dhaltaí bunscoile agus dara leibhéal ar fud an chontae. Tá 10 ngrúpa seanma ag an DMEP fosta, lena n-áirítear Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall.

Cúrsaí Staidéir Oideachais agus Oiliúna maidir le Drugaí agus Alcóil a sholáthar do Chontaetha Dhún na nGall, Liatroma agus Shligigh trína Chomhordaitheoir atá lonnaithe in Oifigí Riaracháin ETB Dhún na nGall.

Tá cúig Chlár Críochnaithe Scoile faoi choimirce TUSLA, a dtugann ETB Dhún na nGall tacaíocht riaracháin dóibh.

Oibríonn ETB Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí éagsúla lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall (DSP), Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDO) agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), OTA, ÚnaG, i bhforbairt straitéisí don Chontae.

# 9. FÁLTAIS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ RÉAMH-MHEASTA 2024

**Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**
**Donegal Education and Training Board**

| | | Year Ended 31/12/2024 €000 | Year Ended 31/12/2023 *Provisional Outturn €000 | Note 1 |
|---|---|---|---|---|
| **RECEIPTS** | | | | |
| Post Primary Schools & Head Office | | 58,795,064 | 56,465,136 | |
| Further Education and Training | | 34,101,223 | 28,638,985 | |
| Youth Services | | 1,081,579 | 1,271,167 | |
| Agencies & Self-Financing Projects | | 4,700,000 | 4,972,226 | |
| Capital | | 23,983,161 | 10,719,200 | |
| **TOTAL** | | **122,661,027** | **102,066,714** | |
| **PAYMENTS** | | | | |
| Post Primary Schools & Head Office | **Note 2** | 58,795,064 | 56,908,252 | |
| Further Education and Training | | 34,101,223 | 29,152,099 | |
| Youth Services | | 1,081,579 | 1,231,711 | |
| Agencies & Self-Financing Projects | | 4,700,000 | 4,650,141 | |
| Capital | | 23,983,161 | 15,486,370 | |
| **TOTAL** | | **122,661,027** | **107,428,573** | |
| **Cash Surplus/(Deficit) for Year** | | 0 | (5,361,859) | |

Note 1 The 2023 Provisional Outturn is exclusive of the Opening Cash Balances c/f to 2023 and may be subject to change following completion of the Audit Fieldwork undertaken by and on behalf of the Office of the C&AG as part of the Annual Audit of the Annual Financial Statements (AFS).

Note 2 Includes the 2024 Approved Non Pay Spending Limit of €2,741,924 per Letter of Determination.

**Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**
**Íocaíochtaí Réamh-mheasta - Scoileanna agus an Cheann-Oifig**

| Donegal Education and Training Board | 2024 Service Plan | | |
|---|---|---|---|
| | 2024 Service Plan Forecast Outturn | 2023 Service Plan Provisional Outturn | |
| **Programme** | **€000** | **€000** | |
| | | | **NOTE** |
| **Schools and Head Office** | | | |
| Pay | 53,603,140 | 52,046,592 | |
| Other Non Pay | 2,741,924 | 2,420,961 | |
| Associated and Targetted Programmes | 2,450,000 | 2,440,699 | |
| **Sub-Total** | **58,795,064** | **56,908,252** | **1** |
| **Further Education and Training (FET)** | | | |
| **Further Education** | | | |
| Youthreach | **3,225,427** | **2,875,031** | |
| Youthreach SEN | **55,000** | **26,908** | |
| VTOS | **2,204,319** | **1,975,590** | |
| Adult Literacy/DEIS Family Literacy/ITABE | **1,013,081** | **986,113** | |
| ESOL | **1,257,901** | **1,053,251** | |
| Community Education/SPIDAS | **416,850** | **424,780** | |
| Skills for Work | **175,338** | **140,201** | |
| FET Pathways from School | **100,114** | **15,922** | |
| Back to Education | **1,273,446** | **1,188,342** | |
| Adult Guidance | **309,810** | **275,378** | |
| PLC | **1,076,779** | **745,336** | |
| FE&T Premises - Repairs and Maintenance | **300,000** | **316,421** | |
| FET Health and Safety | **218,750** | **65,095** | |
| FET Insurances | **181,612** | **166,049** | |
| FET Legal | **10,000** | **0** | |
| FET Energy Costs | **615,000** | **433,340** | |
| FET Communication Costs | **219,411** | **214,276** | |
| FET Other Overheads | **601,460** | **750,502** | |
| RPL | **188,583** | **179,444** | |
| FE&T Promotion/Advertising | **150,000** | **135,381** | |
| Blackspot Support | **53,000** | **52,191** | |
| Combined Learner Supports | **190,000** | **94,009** | |
| TEL | **173,909** | **164,809** | |
| Curriculum Development | **66,664** | **53,966** | |
| FET Staff & Operational Costs | **5,252,177** | **4,708,421** | |
| FET All Staff T+S | **220,000** | **202,407** | |
| FET All Staff Professional Development | **118,500** | **73,800** | |
| MAED Funding | **220,000** | **229,142** | |
| Quality Costs | **201,501** | **175,331** | |
| Outdoor Education and Training | **278,401** | **264,144** | |
| HEA Tertiary Programme Provision | **90,679** | **44,072** | |
| Other-4 programmes | **123,874** | **81,913** | |
| **Sub-Total** | **20,581,586** | **18,111,565** | **2** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Training** | | | |
| Specialist Training Providers (STP) | **879,977** | **797,816** | |
| Skills Training - Direct Provision | **414,682** | **1,013,809** | |
| Skills Training - Contracted Provision | **1,624,122** | **1,403,596** | |
| Traineeships - Direct Provision | **501,707** | **288,884** | |
| Traineeship - Contacted Provision | **2,058,450** | **2,029,432** | |
| Apprenticeships | **7,191,138** | **4,641,737** | |
| Skills to Advance Route 2 - Direct | **10,050** | **187,345** | |
| Skills to Advance Route 3 Contracted | **566,851** | **389,302** | |
| Skills to Advance (Special Initiatives) - Direct | **0** | **17,528** | |
| Evening Courses | **272,660** | **264,948** | |
| Other - 1 programme | **0** | **6,137** | |
| **Sub-Total** | **13,519,637** | **11,040,534** | **2** |
| **Youth Work Services** | **1,081,579** | **1,231,711** | **3** |
| **Agencies/Self Financing Projects** | **4,700,000** | **4,650,141** | **4** |
| **Capital** | **23,983,161** | **15,486,370** | **5** |
| **Total** | 122,661,027 | 107,428,573 | |
| ***Literacy includes Adult Literacy/DEIS Family Literacy/ITABE** | | | |
| **Notes** | | | |

## Nótaí

| |
|---|
| **1) Scoileanna agus Ceann-Oifig:** |
| |
| Maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Foinsí Eile |
| Clúdaíonn sé sin costais reatha maidir leis na nithe seo a leanas: |
| - 15 Iar-bhunscoil/Coláiste lena n-áirítear dhá Scoil Oileáin ar Árainn Mhór agus Toraigh. Clárúcháin Iomlán 2023/2024: 5,915 |
| |
| |
| - Oifigí Riaracháin ETB |
| - Bord Seirbhíse ETB Dhún na nGall agus Coistí éagsúla |
| - Ranganna Oíche Féinmhaoinithe i Scoileanna/Coláistí ETB |
| |
| **2) Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET):** |

Maoinithe ag RBATNE trí SOLAS

Maoiniú 2024 curtha isteach lena cheadú ag Bord SOLAS

Clúdaíonn sé Costais Reatha maidir le Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna atá liostaithe lena n-áirítear Cúrsaí Oíche a chuirtear ar fáil in Ionaid Oiliúna.

Déanfar foráil bhreise maidir le Printíseachtaí, Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE), Straitéis Litearthachta 10 mBliana, Tionscnaimh Inbhuanaitheachta, Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus TFC

**3) Seirbhísí Oibre don Ógra:**

Maoinithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais,

Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ)

Clúdaíonn sé an méid seo a leanas:

- Feidhm an Oifigigh don Ógra
- UBU - D'Áit Do Spás (Éagsúil)
- Seirbhísí Eolais don Ógra arna seachadadh ag Seirbhísí don Ógra Dhún na nGall (SÓDG)
- Scéim Deontas do Chlubanna Óige Áitiúla
- Scéim Caipitil don Ógra do Thionscadail ar leith

-Tionscnamh Spriocdhírithe um Thacaíocht Infhostaitheachta don Ógra (TSTIÓ) arna sheachadadh ag Foróige

**4) Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha:**

Gníomhaireachtaí: Obair déanta ar chostphraghas do Ghníomhaireachtaí & Ranna Rialtais.

Féinmhaoiniú: Gníomhaíochtaí agus Buiséid a mhaoinítear trí ioncam a ghintear go háitiúil agus a reáchtáiltear ar bhonn féinmhaoinitheach.

Tá mionsonraí na nGníomhaireachtaí/na dTionscadal Féinmhaoinithe go léir mionsonraithe sna Dréacht-Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

| **5) Caipiteal:** |
|---|
| |
| Maoinithe ag an Roinn Oideachais, |
| An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, |
| Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (RBATNE) agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais Eile. |
| |
| Clúdaíonn sé Tionscadail Chaipitil atá faofa go sonrach, lena n-áirítear tionscadail nua agus |
| Cóiríocht Scoile Breise (CSB), |
| Scéimeanna Oibreacha Samhraidh (SOS), |
| Scéimeanna Oibreacha Éigeandála (SOE), |
| Troscán agus Trealamh Scaoilte (T&TS), Deontais Chineachta agus TFC. |